

An mbeidh cúrsaí difriúil an geábh seo?

I bhfianaise COVID-19 is gá go dtabharfaidh gach Institiúid de chuid an AE aird ar Chairt um Chearta Bunúsacha an AE agus go gcuirfidh siad chun cinn an Chairt sin chomh maith.

Is millteanach an tubaiste é COVID-19 don Eoraip. Tá athrú suntasach tagtha cheana féin ar Institiúidí Bhall Stáit agus ar Institiúidí an Aontais Eorpaigh de bharr dhrochiarmhairtí eacnamaíocha an víris. Tar éis dúinn déileáil leis an tubaiste dhaonna seo, beidh gá le cuidiú suntasach, le tarrtháil, agus bearta eile Bhaill Stáit agus AE – beidh cuid de na bearta seo nua.

Is é an cheist ná an dtabharfar cuidiú Stáit agus AE do chorparáidí gan cearta daonna a dhaingniú in aon chlár téarnaimh Eorpach an geábh seo?

De bharr go bhfuil dlúthpháirtíocht an Aontais féin anois i mbaol, ní mór d’institiúidí an AE an Chairt um Chearta Bunúsacha a chur i bhfeidhm ina gcuid rialachais eacnamaíoch agus ina gcuid gcreatlaí do mhaoirseacht airgeadais. Tá an Chairt ina cuid den dlí Conartha le deich mbliana anuas.

Is ceart agus riachtanas bunúsach an tithíocht, ar a mbraitheann an iomad ceart eile, amhail an tsláinte, an tsábháilteacht, an príobháideacht agus an saol baile, faoi mar atá léirithe go follasach ag COVID-19. An cheist i dtaca le rochtain ar thithíocht chúí inacmhainne do chách, tá sí ag éirí ina príomhdhúshlán d’inhuanaitheacht eacnamaíoch, shóisialta, agus chomhshaoil an Aontais. Is mórcheist pholaitiúil an méid sin i mBaill Stáit go leor. Go deimhin féin, roimh an bpaindéim, ba í an tithíocht an ‘chloch chorrach bhoinn’ ar a raibh seasmhacht bhaincéireacht an AE tógtha. Is i ndonacht a ghabhfaidh an scéal seo i ndiaidh phaindéim COVID-19.

I bhfreagra institiúidí an AE i ndiaidh 2009 - is é sin sócmhainní Bhanc na hEopra, sócmhainní corparáideacha, agus sócmhainní eile a chosaint, agus ciorruithe a bhrú ar Bhaill Stáit imeallacha an AE dá réir – níor tugadh sa fhreagra sin aon mheas ná aon aitheantas do chearta daonna ná do na cearta tithíochta a leagadh síos i gCairt an AE.

Agus muid ag teacht chugainn féin i ndiaidh na tubaiste seo, seans gur mithid dúinn cearta daonna chur ar a súile go grinn d’Institiúidí an AE. Ní leor ná ní sásúil do Shaoránaigh an AE a thuilleadh go leanfar ar aghaidh mar is gnách.

Is beart ríthábhachtach de chuid an téarnaimh anois dlisteanacht Institiúidí an AE ar fad a chaomhnú. Leis an méid seo a dhéanamh, is gá athrú ó bhonn a dhéanamh ar chearta daonna agus ar chearta tithíochta.

Sa trí Páipéir Eolais nua seo (atá maoinithe ag Open Society Foundations) tugtar eolas ríthábhachtach faoin dóigh ar féidir an méid seo a chur i gcrích.

[Ioslódáil an Achoimre agus na Páipéir Eolais, nó féach na comhaid PDF atá faoi iamh.](#)

Le tuilleadh eolais a fháil seol ríomhphost le do thoil chuig: padraic.kenna@nuigalway.ie

An Dr Padraic Kenna

An tIonad do Dhlí, do Chearta agus do Bheartas Tithíochta
Scoil an Dlí, Coláiste an Ghnó, an Bheartais Phoiblí agus an Dlí
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.